Gaelscoil na Fuinseoige
oifig@gsnafuinseoige.ie
(01) 298 9851
www.gsnafuinseoige.ie

Nuachtlitir
Mí Márta, 2023

FÁILTE / *WELCOME*

A Chairde,

Fáilte romhaibh go nuachtlitir na míosa, bainigí taitneamh as.

I hope you all enjoy reading this month's newsletter.

Aisling.

CUMHDACH LEANAÍ / *CHILD PROTECTION*

Tá athbhreithniú déanta ar an Ráiteas Cumhdach Leanaí agus an Measúnú Riosca agus tá siad ar fáil ar an gclár fógraíochta taobh istigh de dhoras na scoile. Tá siad ar fáil freisin ar an suíomh idirlín, www.gsnfuinseoige.ie.

The Child Safeguarding Statement and Risk Assessment document has been updated and is available to read on the noticeboard inside the main door of the school. It is also available on our school website, www.gsnafuinseoige.ie.

MÍ NA GAEILGE

Tá Mí na Gaeilge linn agus beimid an-ghnóthach á cheiliúradh sa scoil. Ina measc beidh céilithe ranga againn, lá ealaíne, lá iomána, taispeántais ceoil, agus lá fichille ina measc. Mar a fheiceann sibh beidh an-chuid ar siúl ag an scoil i rith na míosa a chuirfidh le litearthacht, uimhearthacht, ceol, spórt agus ealaín na bpáistí fad is atá siad ag baint taitnimh as ár gcultúr agus oidhreacht.

The children will have a very busy, fun filled month this month when we will be celebrating Irish month. They will have a céilí, a hurling day, music shows, competitions and art days to name some of the events. All events we have planned will enhance their literacy, numeracy, music, art and sport skills while at the same time further instilling a love for their culture and heritage.

Dáta	Gníomh	Rang
Déardaoin 2	Lá Domhanda na Leabhar Rita agus an Dragún Turas	Gach rang Rang 1&2
Aoine 3	Cluichí Cláir	Gach rang
Luan 6	Léitheoireacht idir ranganna Rince le Marian	Gach rang Rang a 3
Máirt 7	Lá na hEalaíne	Gach rang
Céadaoin 8	Drama "Aladdin" á chur i láthair	Gach rang
Déardaoin 9	Cluichí Clóis Coirm	Gach rang Rang a 4&5
Aoine 10	Lá Iomána	Gach rang
Luan 13	Léitheoireacht idir ranganna Rince le Marian	Gach rang Rang 4&5
Mairt 14	Tráth na gCeist Cuairt ag Scoil Lorcáin	Rang 3,4 &5
Céadaoin 15	Maidin chaife do thuistí	
Déardaoin 16	Céilí Lá Glas	Gach rang
Luan 20	Bodhrán Buzz Gaelscoil Eoin ar cuairt	Gach rang
Céadaoin 22	Fighting Words na Gaeilge	Rang Alanah
Déardaoin 23	Tóraíocht Taisce	Gach rang
Aoine 24	Tionól Speisialta na Gaeilge	Gach rang
Luan 28	Picnic Scoile	Gach rang
Céadaoin 29	Fighting Words na Gaeilge	Rang a 3, Ruth
Déardaoin 30	Feis na Fuinseoige Rince agus Agallamh Beirte	1-4
Aoine 31	Feis na Fuinseoige Uirlisí agus filíocht	1-4

LÁ LE PÁDRAIG / *ST. PATRICK'S DAY*

Beidh an scoil dúnta Aoine 17 Márta.

The school will be closed on Friday, 17th March for St. Patrick's weekend.

MÚINTEOIR MÉABH

Tá áthas orainn a rá go bhfuil leabhar foilsithe ag Múinteoir Méabh. Scríobh sí an leabhar "Freya Harte is not a Puzzle", leabhar iontach a molaimid go mór (ní leabhar do pháistí é seo). Comhghairdeas mór léi.

We are delighted to tell you that Múinteoir Méabh has written her first novel, "Freya Harte is not a Puzzle". It is a fantastic novel (not a child's book) and we highly recommend it. Congratulations to Méabh on this fantastic achievement.

COMÓRTAS COIRM / *COIRM COMPETITION*

Beidh roinnt páistí ó Rang 4&5 ag glacadh páirte i gcomórtas drámaíochta "Coirm" i gClasac ar an Déardaoin 9 Márta. Is éacht ollmhór é seo agus tá sár-obair déanta ag na múinteoirí, Neasa agus Jessica agus na páistí chun é seo a chur i gcrích. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Joe Conlon ón Gaiety atá ag cur go mór leis an seó.

Some of the children in Rang 4&5 are participating in a drama competition "Coirm" in Clasac theatre on Thursday 9th March. This is a fantastic achievement and we are extremely grateful to Múinteoir Neasa and Jessica who have worked extremely hard with this project. We would also like to thank Joe Conlon from the Gaiety who has helped with the choreography.

RANGANNA SNÁMHA / *SWIMMING LESSONS*

Beidh Ranga a 3 ag tosú ar ranganna snámha i UCD i rith am scoile i ndiaidh na Cásca. Beimid ag siúl go mbeidh nós againn sa scoil ranganna snámha a chur ar fáil do na Ranganna a 3 as seo amach.

Rang 3 will be starting swimming lessons during school time in UCD after Easter. We hope that this will continue every year for our 3rd classes.

FEIS NA FUINSEOIGE

Tá áthas orainn a fhógairt go mbeidh Feis na Fuinseoige againn arís i mbliana. 'Séard atá i gceist ná deis a thabhairt do na páistí i Rang 2-5 seasamh suas agus rince, dán a rá, ceol a sheinm nó agallamh beirte a dhéanamh ós comhair a ranga. Beidh an feis ar siúl i rith am scoile ag deireadh na míosa agus cuirfimid tuilleadh eolais amach ar ball. Déanfar na dánta agus an agallamh beirte ar scoil leis na páistí agus beidh Joanne in ann cabhrú leo siúd atá ag iarraidh cur isteach ar an gcomórtas rince.

We are delighted to announce that we will be holding Feis na Fuinseoige again this year. We will hold the feis for Rang 2-5 during school hours at the end of the month. Children will get the opportunity to recite a poem, dance (Rince Gaelach), perform "Agallamh Beirte" or play an instrument in front of their peers. The teachers will teach the poems and agallamh beirte in school. We will send further details to you closer to the time.

PÁIRCEÁIL / PARKING

Bhí comharsan i dteagmháil linn maidir le daoine ag páirceáil ós comhair an tí. Iarrfaimid oraibh gan páirceáil ós comhair geataí tithe fiú i gcomhar "set down".

Neighbours have contacted us again about people parking in front of their driveways. We ask you please to be respectful of this and never to block a driveway, even for a "set down".